Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo, i.e. 25% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Déardaoin, 4 Bealtaine, Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an **Déardaoin, 27 Aibreán**

**Treoracha**

- Ceadaítear bileog **amháin** A2 agus sceitsí ullmhúcháin a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin go hindibhidiúil gan chúnamh atá ann.

- Ní cheadaítear duit aon áis amhairc sa bhreis (e.g. fótagraif, íomhanna rianaithe nó obair ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do dhearadh molta deiridh.

- Ní cheadaítear ábhair orgánacha shomhillte a úsáid.

- Ceadaítear úsáid a bhaint as pé meáin ealaíne agus uirlisí is gá chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, t-bhacart, scian, siosúr, gliú etc.

- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog.

## Céim 1: Bileog Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE) (0 marc)

Do chuid **taighde** atá sa bhileog A2 seo de sceitsí ullmhúcháin atá déanta agat le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is féidir rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú agus smaointe a bhaineann leis an gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna gearrtha amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid a **ghreamú go cothrom** ar do bhileog sceitsí ullmhúcháin A2.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (20 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog sceitsí ullmhúcháin a **fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2D nó 3D mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt bhreise na smaointe seo a léiriú. Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: Dearadh Molta Deiridh (80 marc)

Cuirtear an dearadh molta deiridh i gcrích le linn an scrúdaithe. Is cóir eolas ar bith a chur isteach a mheasann tú atá riachtanach chun do dhearadh molta deiridh a chur in iúl, agus tagairt shonrach a dhéanamh do ghnéithe físiúla, feidhmiúla agus ábhartha do rogha ceist, in áit aird a dhíriú go hiomlán ar phíosa ealaíne a bhfuil bailchríoch den scoth air, a tháirgeadh.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

- Do bhileog A2 **Sceitsí Ullmhúcháin**
- Do bhileog A2 **Bileog Réamhsceitsí**
- Do **Dhearadh Molta Deiridh**

# SLEACHTA TUAIRISCIÚLA

## Sliocht A

Tógadh mé ar bhia compoird, ar nós phíog an aoire, uibheacha agus bagún, agus putóg stéige agus duán. Ar nós m'athar romham, ba bhreá liom ar fad uibheacha Albanacha, pióga muiceola, agus picil ar nós gircíní agus oinniúin i bpicil. Is cuimhin liom, in aois a cúig nó sé bliana, gur sciob mé oinniún i bpicil ó phláta mo dhaid agus gur ropas isteach i mo bhéal é. Bhraitheas an fínéagar goirt sin ar bharr mo theanga a bhain stad asam, agus fós féin ba mhór an sásamh é.

Ní raibh, go híorónta, iasc againn riamh sa teach. Bhí ailléirge ar m'athair do bhia na mara, agus níorbh aon chúnamh an méid sin. I gceaintín na scoile a d'ith mé iasc den chéad uair riamh i gceart nuair a thugadar cadóg dheataithe dúinn le hithe a bhí daite go saorga agus loinnir bhuí uaithi in anlann trátaí amach as stán. Is cuimhin liom a bhrath ar nós Oliver Twist droim ar ais: 'Led thoil, a duine uasail, ní mian liom níos mó.' Bhí sé gránna go deimhin, agus mar bharr ar gach olc, ghreamaigh cnámh i mo scornach. Is mór an t-iontas é gur breá le mo chroí iasc.

D'athraigh m'aigne nuair a tháinig mé ar iasc agus sceallóga. Mias bhreá! Bhí cuma na céille ar an domhan arís eile go tobann.

Nuair a bhí mé ag fás aníos, líonadh boilg ab ea béile. Stad, an bolg a líonadh, agus seo leat arís, gan mórán machnaimh a dhéanamh ar an méid a bhí roptha isteach agat i do chlab. Tá cúrsaí athraithe ó bhonn…ó shin.

Tá bia suntasach sa tír seo anois. Is é táirge na Breataine, ar m'anam, is fearr ar domhan ach is annamh a thugaimid a cheart dó. Tá úlla Shasana thar barr. Tá ár gcuid oisrí, ár bhfiafheoil, ár n-iasc fiáin agus ár gcáiseanna ….tá siad ar fad ar fheabhas.

Féach easna mairteola ina sheasamh atá cócaráilte go foirfe agus anlann úr raidis fhiáin agus oinniúin rósta Shasana leis, nó cearc fhraoigh an tséasúir nua glan amach as an oigheann, nó roth Cheddar feirme aosaithe go cúramach, agus scothbhradán fiáin na hAlban scallta i *court bouillon* simplí – ní haon chúis náire é sin ar fad.

Is breá liom bia Shasana – sicín tikka masala, hummous agus spaghetti Bolognese. Sin Sasana duit!

Nuair a bhí mé ag obair sa Savoy a thug mé gean do bhia Shasana. Tháinig mé go luath ar phutóg stéige agus duán a mhúin dom cén chaoi a bhféadfadh dea-bhia a bheith sa tír seo. Dheintí na duáin agus an stéig a chócaráil go mall agus d'fhágtaí iad thar oíche ar mhaithe le blas agus le tréithiúlacht. Ansin chuirtí iad i mias mhór agus clúdach plúir agus gréise orthu ón duán, agus dheintí an t-iomlán a chócaráil i ngal ar feadh tuairim is dhá uair an chloig. Nuair a bhí deireadh déanta, d'fhéadfá an forc a chur tríd an bputóg agus bhrúchtfadh gal aníos ar d'aghaidh fad a leathfadh an boladh féin timpeall ort ar fad. Fág is nach raibh sé Iodáileach, bhí sé ar fheabhas….

Thóg sé ceithre bliana orm *pièce de résistance* chócaráil Shasana a aimsiú. Nuair a bhí mé sa Savoy i dtosach, tugadh mé go dtí margadh feola Smithfield go moch maidin amháin agus bhí mo chéad bhricfeasta lán-Sasanach agam. Bhí sé ar fad ann romham: an bagún saillte ina shlisneacha tiubha, an t-ubh díreach bog, na duáin, an phutóg dhubh lán de thorthaí, an t-ispín lán de ghréis, na pónairí bácálta, an tósta tanaí smeartha le him. Thaitin sé liom thar barr.

Sliocht as Tony & Giorgio le caoinchead ag Grafton.

## Sliocht B

Tá taithí againn ar ár n-athair a fheiceáil i gcasóg in aghaidh na gaoithe, é ag caitheamh hata basctha liath feilte, léine fhlainín agus na cufaí fáiscthe go teann le cnaipí chun nach ndreapfadh na cuileoga dubha a ghéaga, treabhsar trom agus na cosa fáiscthe isteach i mbarr stocaí olla oibre…

Anois áfach, bíonn ár n-athair ag caitheamh seaicéid agus carabhat agus léine bhán, agus cóta mór bréidín agus scairf. Bíonn galóisí agus iad búcláilte ar a bhróga air, in áit buataisí leathair agus iad uiscedhíonaithe le saill bhagúin….

Tá malairt poist faighte ag ár n-athair: sin é an míniú atá ar an scéal. In áit a bheith ina thaighdeoir feithidí foraoise, is ollamh ollscoile é anois. Tá laghdú tagtha ar líon na bprócaí brocacha agus na mbuidéal bailiúcháin a bhí i ngach áit tráth. Ina áit sin, tá líníochtaí atá déanta ag a chuid mac léinn le pinn luaidhe daite, carntha agus scaipthe ar fud an tí. Feithidí atá iontu go léir. Tá dreoilíní teaspaigh ann, péisteanna bachlógacha giúise, cruimheanna puball foraoise, ciaróga tollta adhmaid, gach ceann díobh ar mhéid leathanaigh, a gcodanna lipéadaithe go néata: mandabail, pailpeanna, aintéiní, tóracs, bolg. Tá cuid díobh trasghearrtha, a chiallaíonn go bhfuil siad oscailte amach ionas gur féidir a bhfuil istigh iontu a fheiceáil: tolláin, brainsí, bleibeanna agus filiméid fhíneálta. Sin iad is fearr liom….

Ar an Satharn téimid sa ghluaisteán ina theannta go dtí an áit ina bhfuil sé ag obair. Is é an foirgneamh Zó-eolaíochta é mar a tharlaíonn ach ní thugaimid é sin air. An foirgneamh a thugaimid air, go díreach. Foirgneamh ollmhór é. Pé uair a bhímid ann, ar an Satharn, bíonn sé folamh nach mór; bíonn cuma níos mó air dá bharr sin. É déanta as brící síonchaite donndorcha, tá an chuma air go bhfuil túiríní air cé nach bhfuil a leithéid ann. Tá eidhneán ag fás air, gan duilliúr anois sa gheimhreadh, agus féitheacha ar chuma cnámharlaigh á chlúdach. Ón taobh istigh tá pasáistí fada ann agus urláir chrua-adhmaid iontu, iad teimhlithe agus caite ag na glúnta mac léinn i mbuataisí geimhridh lán de phloda, ach coinnítear snas orthu i gcónaí…

Ar an dara hurlár tá pasáistí ag déanamh ar phasáistí eile, lán le seilfeanna ar a bhfuil prócaí lán d'earcanna marbha nó de mhogaill súl damh i bpicil. I seomra amháin tá cásanna gloine ina bhfuil nathracha, nathracha níos mó ná mar a chonaiceamar riamh cheana. Buachrapaire ceansa ceann díobh, agus má tá an fear atá ina fheighil i láthair tógann sé amach é agus fáisceann é timpeall ar ghéag a láimhe, ionas gur féidir linn a fheiceáil cén chaoi a mbrúnn sé rudaí chun báis sula n-itheann sé iad. Tá cead againn é a shlíocadh. Tá a chraiceann fionnuar, tirim. Tá nathracha sligreacha i gcásanna eile, agus taispeánann an fear dúinn cén chaoi a ndéanann sé an nimh a bhlí as a ngoineoga. Bíonn lámhainn bhuí air chuige seo. Tá na goineoga cuartha agus toll, agus an nimh a shileann astu buí.

Sa seomra céanna tá lochán déanta as suimint líonta d'uisce tiubh glas ina mbíonn turtair mhóra ina suí agus ag caochadh a súl nó dreapann siad go tuathalach in airde ar charraigeacha a cuireadh ann dóibh, iad ag sciúgaíl má dhruidimid ró-chóngarach dóibh…I seomra eile fós tá cás ina bhfuil ciaróga dubha Afraiceacha, iad geal agus chomh nimhneach sin go gcaitheann an coimeádaí iad a ghásáil chun iad a leagadh amach gach aon uair a osclaíonn sé an cás chun iad a chothú nó chun ceann díobh a thógáil amach.

Thíos sa siléar tá seilfeanna agus seilfeanna de fhrancaigh bhána agus de lucha dubha, cinn áirithe nach bhfuil fiáin. Itheann siad grán as crannóga sna cásanna agus ólann siad as buidéil atá feistithe le tálairí. Tá neadacha páipéir mheilte acu lán de lucha óga bándearga gan ribe clúimh. Ritheann siad thar a chéile agus faoina chéile agus codlaíonn siad i gcairn díobh féin, agus bolathaíonn siad a chéile lena gcaincíní ar tonnchrith. Deir an coimeádaí luch linn má chuirtear luch strainséartha isteach i gceann de na cásanna, ceann le boladh aduain, nach mbaineann leo, go bpiocfaidh siad chun báis í….

Ní chuireann aon rud sa bhfoirgneamh masmas orainn. Is eol dúinn go maith na gnáthshocruithe, cé nach eol dúinn na sonraí, agus ní fhacamar riamh cheana a oiread luch agus cuireann a líon agus a ndrochbholadh iontas orainn. Ba bhreá linn na turtair a thógáil amach as an lochán agus dul ag súgradh leo, ach toisc gur turtair iad a bhíonn ag snapadh agus atá mallaithe agus go mbainfidís méar díot, is maith atá fios a mhalairt againn.

Sliocht as Cat's Eye, le Margaret Atwood, le caoinchead ag Virago.

**Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas**:

## 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Iarrtar ort dearadh a dhéanamh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Comhartha do Chaife darb ainm An Spúnóg Ghréiseach bunaithe ar Shliocht A.

(b) Póstaer ag fógairt margadh bia áitiúil bunaithe ar Shliocht A.

(c) Comhartha a thugann rabhadh do chuairteoirí sa roinn zó-eolaíochta a bheith cúramach timpeall ar na hainmhithe agus na feithidí éagsúla a mhaireann inti.

(d) Píosa peannaireachta bunaithe ar do rogha téama as ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is féidir úsáid a bhaint as íomhánna agus móitífeanna maisithe. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Déan dearadh do phrionta líonóile, bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Léaráid do chlúdach biachláir bunaithe ar cheann amháin de na tuairiscí ar bhia i Sliocht A.

(b) Prionta líonóile bunaithe ar théama na bhfeithidí bunaithe ar Shliocht B.

(c) Prionta líonóile bunaithe ar an tuairisc ar an taobh istigh **nó** ar an taobh amuigh den fhoirgneamh zó-eolaíochta i Sliocht B.

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is cóir go mbeadh an dearadh oiriúnach do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a úsáideann suas le trí dhath. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 3. Faibricphriontáil agus Baitíc

Déan dearadh do bhrat balla nó d'athphatrún bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Patrún d'fhabraic a bheadh oiriúnach do naprún bunaithe ar Shliocht A.

(b) Brat balla do cheaintín scoile a spreagann Sliocht A.

(c) Patrún atá le húsáid don fhabraic in éide choimeádaí na nathracha a spreagann Sliocht B.

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is cóir don dearadh a bheith oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil stionsail. Bain úsáid as dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 4. Bróidnéireacht

Déan dearadh do bhróidnéireacht bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Pictiúr bróidnithe rilífe bunaithe ar aon cheann de na cuntais ar bhia i Sliocht A.

(b) Móitíf bhróidnithe, a spreagann Sliocht A, le fuáil ar sheaicéad cócaire.

(c) Dealbhóireacht thríthoiseach bhog d'fheithid **nó** d'aon cheann de na míolta i Sliocht B.

(d) Carabhat maisithe d'ollamh ollscoile a dhéanann staidéar sainiúil ar nathracha mar atá luaite i Sliocht B.

Is cóir eolas a thabhairt ar na hábhair a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 5. Fíodóireacht

Dear píosa fíodóireachta atá oiriúnach do chumhdach cuisín nó ruga urláir nó brat balla.

Roghnaigh ceann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) "Bhrúchtfadh gal aníos ar d'aghaidh fad a leathfadh an boladh féin timpeall ort ar fad." Sliocht A

(b) Na dathanna agus na huigeachtaí éagsúla bia mar atá i Sliocht A.

(c) "tolláin, brainsí, bleibeanna agus filiméid fhíneálta." Sliocht B.

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is cóir go mbeadh sonraí ar na hábhair atá le húsáid i do dhearadh. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 6. Criadóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe do bhalla bialainne bunaithe ar íomhá ar bith a spreagann Sliocht A.

(b) Bosca chun bailiúchán feithidí a choinneáil a spreagann Sliocht B.

(c) Dealbhóireacht saorsheasaimh den choimeádaí nathracha mar a shamhlaítear duit é, a spreagann Sliocht B

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Luaigh sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 7. Puipéadacht

Dear puipéad feistithe bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) An Cócaire – Sliocht A

(b) An Buachrapaire – Sliocht B

(c) An tOllamh – Sliocht B

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, puipéad slaite nó puipéad sreinge. Is cóir a thaispeáint cén chaoi a ndéanfar an puipéad, agus sonraí maidir le hábhair, dath, maisiú agus bailchríoch a lua. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 8. Leabharcheardaíocht

Dear clúdach leabhair nó fillteán bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Fillteán chun oidis bhia a choinneáil – Sliocht A

(b) Pórtfóilió chun na léaráidí d'fheithidí a choinneáil a spreagann Sliocht B.

(c) Clúdach leabhair do leabhar dar teideal *Cúrsaí Luch* **nó** *Rúin Nathracha* a spreagann Sliocht B

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus is cóir a thaispeáint cén chaoi a bhfuil sé le cur i gcrích. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 9. Dearadh Fógraíochta

Dear póstaer, cárta taispeána nó clúdach bróisiúir bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Oscailt ceaintín scoile nua nó bialainne nua a spreagann Sliocht A.

(b) Sainchomhartha (lógó) grafach do shiopa éisc agus sceallóg a spreagann Sliocht A.

(c) Lá Oscailte i Roinn na Zó-eolaíochta a spreagann Sliocht B.

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Ní mór litreoireacht a úsáid. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht

Dear plaic bhalla nó saothar dealbhóireachta a sheasann uaidh féin bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Bia Compoird mar a spreagann Sliocht A.

(b) Fear/bean dinnéir an cheaintín mar a shamhlaíonn tú é/í a spreagann Sliocht A.

(c) An Turtar Mallaithe mar atá luaite i Sliocht B.

(d) Do rogha téama a bhaineann le ceachtar de na sleachta tuairisciúla.

Is cóir go léireodh do dhearadh sonraí maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a bheadh le húsáid chun an saothar a chur i gcrích. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 11. Seiteanna Stáitse

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stáitse do dhráma lonnaithe i gcistin bhialainne a spreagann Sliocht A.

(b) Seit stáitse do choirmcheoil rac le banna darb ainm *Na Turtair Mhallaithe* mar a spreagann Sliocht B.

(c) Seit scannáin d'fhicsean eolaíochta atá lonnaithe i Roinn Zó-eolaíochta na hOllscoile mar a spreagann Sliocht B.

Luaigh sonraí a bhaineann le hábhair, dathanna agus soilsiú. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

Leathanach Bán